FSSU Financial Support Services Unit

# Cur Chuige Cuntasaíochta

**Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha, Bunscoileanna agus Meánscoileanna Deonacha**

**03**

# Síntiúis faoi chomhair Tionscadail Chaipitil

***(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2024)***

## 1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna síntiúis a fháil ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí carthanúla i leith costas tionscadail foirgnimh nó ceannach talún, troscáin, feistis nó trealaimh.

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – "D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu."

***Tabhair do d'aire:*** *I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d'iontaobhaithe agus ó d'iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.*

## 2. Cóireáil Chuntasaíochta: Síntiús faoi chomhair tionscadal talún/foirgnimh

### 2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó shíntiúis le haghaidh Tionscadail chaipitiúla talún/foirgnimh | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

**2.2 Nuair a úsáidtear síntiús chun Tionscadal Caipitil Talún/Foirgnimh a dhéanamh**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Síntiúis a chaitheamh ar thionscadail chaipitil | DR | 3992 | Síntiúis faoi chomhair Costais Chaipitil Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| Síntiúis a chaitheamh ar thionscadail chaipitil | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| **Gníomh** | **DR/CR** | **Cód Ainmniúil** | **Cur Síos** |
| Aistriú ioncaim ó shíntiúis a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3907 | Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**2.3 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Foirgnimh**

An bhliain tar éis don tionscadal talún/foirgnimh caipitil a bheith críochnaithe ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig an gcuntas talún/foirgnimh.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí faoi chomhair chostas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3907 | Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail talún/foirgnimh caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Foirgnimh | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3992 | Síntiúis faoi chomhair Costais Chaipitil Talún/Foirgnimh<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

**Ciste Foirgnimh Diúltach:** I gcás go bhfuil níos mó airgid caite ag scoil ar thalamh agus foirgnimh ná mar a fuarthas, beidh iarmhéid diúltach nó iarmhéid dochair ar an gciste foirgnimh. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige cuntasaíochta atá molta ag FSSU.

## 3. Cur Chuige Cuntasaíochta: Síntiús faoi chomhair troscáin/feisteas/trealaimh

### 3.1 Cathain a fuarthas an síntiús trealaimh caipitil

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Airgead Síntiúis a Fuarthas | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 3.2 Cathain a ceannaíodh na míreanna

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Earra Ceannaithe | DR | 1421/1461 | Caipiteal: Breiseanna Daingneáin, Feistis agus Trealaimh/ Caipiteal: Breiseanna TFC<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú na síntiús a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil | DR | 2172 | Ioncam Eile Imfhálaithe Gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3907 | Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

### 3.3 Amúchadh ar ioncam ó shíntiúis

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh ioncam ó shíntiúis | DR | 3925 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ar Threalamh Caipitil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3840 | Amúchadh ar Mhaoiniú nach RO é<br>Ioncam |

### 3.4 Dímheas ar dheontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas ar Threalamh | DR | 8020/8060 | Dímheas Bliantúil: Beartas Dímheasa maidir le Daingneáin, Feistis agus Trealamh: TFC<br>Caiteachas |
| | CR | 1431/1461 | Dímheas: Beartas Dímheasa maidir le Daingneáin, Feistis agus Trealamh: TFC<br>Sócmhainn Sheasta |

***Nóta 1: Ba cheart ioncam ó shíntiúis a amúchadh i gcomhréir leis an dímheas***
***Nóta 2: Beartas Dímheasa. Déantar míreanna a dhímheas thar 3/5 bliana***

## 4. Cuntas ar shíntiúis faoi chomhair thionscadail chaipitil gan chaitheamh

Is ioncam imfhálaithe iad síntiúis faoi chomhair tionscadail chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid nach raibh caite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2172 'Ioncam Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh'.